C/2026/5036

1.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5036)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Ostkustströmming'

Uimhir thagartha AE: PDO-SE-03050-AM01 — 8.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Ostkustströmming'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an tSualainn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Gníomhaireacht Bia na Sualainne

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe atá beartaithe ar an tsonraíocht táirge agus ar an doiciméad aonair de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) níl san áireamh leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

(b) ní dócha dá dheasca go gcuirfí an nasc dá dtagraítear in Airteagal 46(1)(b) maidir le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

Leathnú an limistéir gheografaigh

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Ciallaíonn an leasú go mbogtar an pointe is faide ó thuaidh den limistéar geografach ó Öregrund go béal Abhainn Dalälven ag Rullsand in Norduppland.

Foclaíocht nua:

Is mar seo a leanas atá teorannacha an limistéir gheografaigh: ó dheas — líne dhíreach a théann soir ó Kristianopel i gCaolas Kalmar go teorainn limistéar eacnamaíoch na Sualainne; thoir — teorainn limistéar eacnamaíoch na Sualainne; ó thuaidh — líne dhíreach a théann soir ó thuaidh ó béal Abhainn Dalälven ag Rullsand in Norduppland go teorainn limistéar eacnamaíoch na Sualainne; thiar — cósta thiar na Sualainne agus a phobail (i.e. lena n-áirítear an talamh is gaire don fharraige – suas le 1 km ón gcósta).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Ostkustströmming’

Uimhir thagartha AE: PDO-SE-03050-AM01 — 8.7.2026

1. **Ainm**

‘Ostkustströmming’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an tSualainn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0302 — Éisc, iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal Uimh. 0304 a áireamh

0304 — Filléid éisc agus feoil eile éisc (bídís mionaithe nó ná bídís), úr, fuaraithe nó reoite

03 – ÉISC AGUS CRÚSTAIGH, MOILISC AGUS INVEIRTEABRAIGH UISCEACHA EILE

0303 — Éisc reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal Uimh. 0304 a áireamh

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is éard atá in ‘Ostkustströmming’ eiseamail den iasc *Clupea harengus* a ghabhtar go fiáin ón limistéar geografach, atá ina chuid de Mhuir Bhailt. Tá dath an airgid ar an iasc agus é idir 12 cm agus 25 cm ar fad go hiondúil, ach d’fhéadfadh méid an éisc a bheith éagsúil. Ní mór na héisc a ghabháil le trealamh éighníomhach amhail eangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin, línte láimhe, eangacha gaiste agus trealamh jigeála nó le tráil ar mó ná 32 mm a mogallmhéid. Ina theannta sin, ní mór an t-iasc a thabhairt i dtír agus a shórtáil laistigh de 24 uair an chloig tar éis an trealamh iascaireachta a fholmhú.

Is féidir ‘Ostkustströmming’ a dhíol ina iomláine nó a fhilléadú, nó mar iasc iomlán.

Cion cothaitheach in aghaidh 100 g

Fuinneamh (kcal)	130–170
Saill (g)	7–10
Próitéin (g)	18–24

Tá tionchar, go pointe áirithe, ag an gcion saille agus ag comhdhéanamh an aigéid shailligh ar uigeacht agus ar bhlas ‘Ostkustströmming’, mar a bhfuil aigéid shailleacha mhona-neamhsháithithe agus phola-neamhsháithithe C18 (aigéad oiléach go príomha), den chuid is mó.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar thréithe orgánaileipteacha 'Ostkustströmming' mar a leanas:

Dea-bholadh: Boladh séimh farraige agus é amh, agus tar éis a fhriochta, bíonn boladh úmámaí le brath air

Uigeacht: Leathleáite agus é amh, agus tar éis a fhriochta, bíonn sé teann, tirim agus grabhrógach

Blas: Séimh agus tathag mór úmámaí ann, lena mbaineann siollaí milse farraige, oisrí, uachtair agus miotail agus é amh, agus tar éis a fhriochta, bíonn blas glan éadrom úmámaí agus uachtair air

Tá dath geal agus beagán trédhearcach ar an bhfeoil, lena mbaineann fordhath bándearg. Tar éis a chócaráilte, bíonn an fheoil bán nó liath.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is féidir 'Ostkustströmming' a fhuarú gan é a dhí-inniú. Féadfar é a dhí-inniú freisin agus ansin é a fhuarú nó a reo, nó a ghearradh ina fhilléid agus ansin é a fhuarú. Féadfar filléid a reo freisin. Ní mór na hoibríochtaí uile a dhéanamh sa limistéar geografach. Ní fhéadfar 'Ostkustströmming' iomlán (nach bhfuil filléadaithe) a reo lasmuigh den limistéar geografach más amhlaidh go bhfuil sé lena dhíol faoin ainm 'Ostkustströmming'.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Le cois na faisnéise atá ag teastáil de réir an dlí, ní mór an t-ainm 'Ostkustströmming' a lipéadú ar gach baisc de 'Ostkustströmming' maille le dáta na gabhála agus le huimhir aitheantais an iascaire.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is mar seo a leanas atá teorannacha an limistéir gheografaigh: ó dheas - líne dhíreach a théann soir ó Kristianopel i gCaolas Kalmar go teorainn limistéar eacnamaíoch na Sualainne; thoir - teorainn limistéar eacnamaíoch na Sualainne; ó thuaidh - líne dhíreach a théann soir ó thuaidh ó béal Abhainn Dalälven ag Rullsand in Norduppland go teorainn limistéar eacnamaíoch na Sualainne; thiar - cósta thiar na Sualainne agus a phobail (i.e. lena n-áirítear an talamh is gaire don fharraige – suas le 1 km ón gcósta).

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc idir an limistéar geografach agus saintréithe 'Ostkustströmming' bunaithe ar dhálaí nádúrtha agus tosca daonna an limistéir araon.

Dálaí nádúrtha

Is í Muir Bhailt an fharraige goirt is mó ar domhan, áit a bhfuil an t-uisce leath bealaigh idir sáile an aigéin agus fionnuisce na lochanna agus na n-aibhneacha. Tagann an salann i Muir Bhailt ón insreabhadh sáile tríd an gCaolas agus an Crios Mór agus an Crios Beag sa limistéar idir Skåne agus an Iútlainn. Athraíonn an t-insreabhadh sáile isteach i Muir Bhailt ó bhliain go bliain ach sin ag brath ar an aimsir agus ar an ngaoth. Is féidir grádán salanda soiléir a fheiceáil ón Muir Thuaidh go dtí an chuid is faide isteach de Mhurascaill na Boitnia.

Mar gheall ar an tsalandacht íseal, mar aon le tosca amhail teocht agus aiste bia an uisce, léiríonn stoic scadáin Mhuir Bhailt i Muir Bhailt agus i Muir Åland difríochtaí géiniteacha agus moirfeolaíocha i gcomparáid le scadáin Mhuir Bhailt ó Mhuir na Boitnia agus ó Mhurascaill na Boitnia, agus scadáin Atlantacha ó Mhuir Bhailt féin, d'ainneoin iad a bheith aicmithe mar an speiceas céanna (*Clupea harengus*). Mar shampla, tá níos mó veirteabraí ag scadáin Mhuir Bhailt atá sa limistéar geografach ná mar atá ag na scadáin feadh chósta Norrland. Mar gheall ar shalandacht íseal an limistéir gheografaigh, tá 'Ostkustströmming' níos mó ná Norrländska strömming ach níos lú ná an scadán Atlantach. Tá an blas difriúil leis na cineálacha eile scadán freisin. Tá blas séimh ar 'Ostkustströmming' agus tathag mór úmámaí agus siollaí milse farraige, oisrí, uachtair agus miotail ann agus é amh, agus tar éis a fhriochta, bíonn blas glan éadrom úmámaí agus uachtair air.

Tá na difríochtaí sa bhlas agus san uigeacht ann mar gheall ar dhifríochtaí i gcomhdhéanamh an aigéid shailligh. Tá tionchar ag an gcion saille agus ag comhdhéanamh an aigéid shailligh ar bhlas 'Ostkustströmming', mar a bhfuil aigéid shailleacha mhona-neamhsháithithe agus phola-neamhsháithithe C18 (aigéad oiléach go príomha), den chuid is mó.

Is léir go bhfuil difríocht idir 'Ostkustströmming' agus an scadán Atlantach níos faide ó dheas agus sa Mhuir Thuaidh toisc go bhfuil seilfré níos fearr aige. Cé go n-éiríonn feoil an scadáin Atlantaigh scaoilte agus gur féidir léi tosú ag briseadh suas go héasca, coinníonn 'Ostkustströmming' raimhre agus uigeacht ar leith, a bhuí lena cion saille níos ísle is dócha, i gcomparáid leis na scadáin Atlantacha ó Mhuir Bhailt Theas. Mar thoradh ar uisce goirt Mhuir Bhailt, fásann scadáin Mhuir Bhailt níos moille ná scadáin Atlantacha, agus tá níos lú saille sa mhatán. Cion saille 7-10 % a bhíonn ann de ghnáth, agus cion saille níos airde ar an macraileibhéal a thomhaistear níos faide ó dheas áit a bhfuil salandacht níos airde. Uigeacht leathleáite atá ar an amhtháirge. Na turgnaimh a rinneadh leis na scórtha bliain anuas, léirigh siad gur féidir próifíl an aigéid shailligh a shainaithint go soiléir i scadáin ón limistéar geografach i gcomparáid le scadáin ó chodanna eile de Mhuir Bhailt níos faide ó thuaidh nó níos faide ó dheas.

Tosca daonna

Imríonn tosca eile, anuas orthu siúd a bhaineann lena ghnáthóg uathúil agus a ghéinitic, tionchar ar bhlas 'Ostkustströmming':

— eolas domhain ar an mbiotóp

— tabhairt i dtír tapa tar éis gabhála

— béim a leagan ar iascaireacht ardcháilíochta agus inbhuanaithe agus trealamh a bhfuil tionchar íseal aige á úsáid.

Chun scadáin a ghabháil agus iad den aibíocht cheart, den cháilíocht cheart agus de chainníocht leordhóthanach le go mbeidh siad inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de, agus san am céanna mar chuid de bhainistiú fadtéarmach na stoc éisc, ní mór d'iascairí eolas domhain a bheith acu ar na huiscí áitiúla agus ar mheánna tábhachtacha iascaireachta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ar an ábhar gur stoic áitiúla atá in go leor de na stoic scadán. Ós rud é go bhfuil na hiascaigh ar scála beag, is féidir an t-iasc a thabhairt i dtír agus a shórtáil ar bhealach a thugann cáilíocht agus cáil áirithe don táirge sa slabhra margaíochta. Déantar iascaireacht ar 'Ostkustströmming' go traidisiúnta trí úsáid a bhaint as 'sruthlíonta scadán', ach sa lá atá inniu ann freisin le tráil ina bhfuil mogallmhéid mhór tábhachtach gan ach na héisc sin atá mór go leor lena gcaitheamh ag an duine a ghabháil agus san am céanna ligean d'éisc bheaga leanúint de bheith ag fás. Athraíonn na meánna agus na modhanna iascaireachta agus blas na n-iasc de réir na séasúr, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le heolas fairsing ar dhálaí áitiúla le haghaidh iascaireacht scadán.

Ó tharla go ndéantar 'Ostkustströmming' a gabháil agus a chócaráil ón gcianaois anuas, is don traidisiún sin a thagraíonn an cháil atá air freisin sa limistéar atá faoi chaibidil. Tá sé ina phríomhfhoinse bhia do dhaoine feadh an chósta agus don daonra i gcodanna móra den tír chulchríoch. I gcás an phobail cósta, ba é an scadán sin an príomhbhia a caitheadh go stairiúil. Chun an t-iasc a chaomhnú agus chun bheith in ann é a shábháil nó a thrádáil, rinneadh é a dheatú, a choipeadh agus a shailleadh, chomh maith lena leasú i bhfínéagar le spíosraí nó gan spíosraí.

Bhí tuiscint ag an Stát chomh luath leis an 16ú haois ar luach speisialta scadán Mhuir Bhailt agus bhunaigh an Choróin iascaigh chalafoirt feadh chósta na Sualainne. Sa limistéar idir Landsort agus Öregrund amháin, bhí 41 iascach calafoirt ann ag deireadh an 16ú haois, agus iad uile dírithe ar scadáin Mhuir Bhailt. Rinneadh na hiascaigh chalafoirt a fhorghéilleadh ina dhiaidh sin nó cuireadh isteach i lámha príobháideacha iad, ach na suíomhanna céanna sin, a bhain cáil amach mar gheall ar a n-acmhainní saibhre éisc, táthar á n-úsáid fós sa lá atá inniu ann.

Tá tionchar mór ag na difríochtaí salandachta ar stoic éagsúla *Clupea harengus*. Cé gur minic, in ábhair riaracháin, a chaitear leo uile mar scadáin, tá difríochtaí soiléire idir *sill* (an scadán Atlantach) agus *strömming* (scadáin Mhuir Bhailt), mar a thuairiscigh Linné cheana in 1761. Deimhnítear le staidéir ghéiniteacha a rinneadh go leitheadach gur fospeiceas ar leith é scadán Mhuir Bhailt (*Clupea harengus membras*) a bhfuil malartú géiniteach teoranta aige leis an scadán Atlantach. Sa staidéir chéanna freisin, leagadh síos go bhfuil an teorainn idir fospeicis suite timpeall Chaolas Kalmar. Ba é Coróin na Sualainne a leag síos an teorainn sin idir na hainmneacha scadán Mhuir Bhailt agus scadán Atlantach ag Kristianopel i gCaolas Kalmar sa 16ú haois.

Is speiceas tábhachtach é 'Ostkustströmming' d'éiceolaíocht agus do chultúr an limistéir. Tugann sé bonn cothaitheach d'éisc, rónta agus éin chreiche. Tá éagsúlacht mhór áitiúil ann maidir le hiascaireacht scadán feadh an chósta agus san oileánra, rud a éilíonn eolas agus taithí a forbraíodh i gcaitheamh na gcéadta bliain agus a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin idir iascairí a raibh a slí bheatha ag brath ar iascaireacht scadán. Dá bhrí sin, is príomhspeiceas é 'Ostkustströmming' ní hamháin d'éiceolaíocht an limistéir ach dá stair chultúrtha freisin.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.livsmedelsverket.se/49ce8a/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/produktspecifikation-skyddad-beteckning-ostkuststromming-2026-06-03.pdf